

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socráítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 28 an 31 Eanáir 2023)

1. Ar leathanach 16, Airteagal 5(2) agus (3)

in ionad: ‘2. Féadfar soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí laistigh de dhlíne iascach Oileáin Fharó, na Graonlainne agus na hIorua, agus sa limistéar iascaireachta mórtimpeall Jan Mayen faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscibhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 19 agus Cuid A d'Iarscibhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, agus i Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³²⁾ agus ina fhorálacha cur chun feidhme.

3. Féadfar soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí laistigh de dhlíne iascach na Ríochta Aontaithe faoi réir na TACanna in Iarscibhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2017/2403 agus ina fhorálacha cur chun feidhme.’

léitear: ‘2. Féadfar soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí laistigh de dhlíne iascach Oileáin Fharó, na Graonlainne agus na hIorua, agus sa limistéar iascaireachta mórtimpeall Jan Mayen faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscibhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 20 agus Cuid A d'Iarscibhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, agus i Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (32) agus ina fhorálacha cur chun feidhme.

3. Féadfar soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí laistigh de dhlíne iascach na Ríochta Aontaithe faoi réir na TACanna in Iarscibhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 20 den Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2017/2403 agus ina fhorálacha cur chun feidhme.’

2. Ar leathanach 21, Airteagal 14(1)(g)

in ionad: ‘(g) aistrithe agus malartuithe cuótaí de bhun Airteagail 20 agus 52 den Rialachán seo.’

léitear: ‘(g) aistrithe agus malartuithe cuótaí de bhun Airteagail 21 agus 51 den Rialachán seo.’

3. Ar leathanach 31, Airteagal 36(2), an fhocláíocht tosaigh

in ionad: ‘2. Le linn na 15 lá roimh thús na tréimhse coiscithe a roghnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 34(1), pointe (a), den Rialachán seo déanfaidh soitheach peas-saighne an méid seo a leanas i limistéar Choibhinsiún IATTC.’

léitear: ‘2. Le linn na 15 lá roimh thús na tréimhse coiscithe a roghnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 35(1), pointe (a), den Rialachán seo déanfaidh soitheach peas-saighne an méid seo a leanas i limistéar Choibhinsiún IATTC.’

4. Ar leathanach 35, Airteagal 54

in ionad: ‘Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7 den Rialachán seo maidir leis na gabhálacha agus na foghabhálacha a dhéanfaidh soithí tríú tír faoi na húdaruithé dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán seo.’

léitear: ‘Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8 den Rialachán seo maidir leis na gabhálacha agus na foghabhálacha a dhéanfaidh soithí tríú tír faoi na húdaruithé dá dtagraítear in Airteagal 53 den Rialachán seo.’

5. In Iarscríbhinn IA in ionad 'Tá feidhm ag Airteagal 6a(1)', léitear i ngach áit 'Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo'
6. In Iarscríbhinn IA in ionad 'Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo' léitear i ngach áit 'Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo'.
7. In Iarscríbhinn IA in ionad 'Tá feidhm ag Airteagal 8 den Rialachán seo' léitear i ngach áit 'Tá feidhm ag Airteagal 9 den Rialachán seo'.
8. Ar leathanach 56, Iarscríbhinn IA, Cuid B, tábla le haghaidh torsa (USK/1214EI)

in ionad:

'Speiceas:	An torsa <i>Brosme brosmé</i>	Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 2 agus 14 (USK/1214EI)
An Ghearmáin	6 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	6 ⁽¹⁾		
Eile	3 ⁽¹⁾⁽²⁾		
An tAontas	16 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	6 ⁽¹⁾		
TAC	22		
⁽¹⁾	Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo.		
⁽²⁾	Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/1214EI_AMS).'		

léitear:

'Speiceas:	An torsa <i>Brosme brosmé</i>	Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 2 agus 14 (USK/1214EI)
An Ghearmáin	6,5 ⁽¹⁾	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	6,5 ⁽¹⁾		
Eile	3 ⁽¹⁾⁽²⁾		
An tAontas	16 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	6 ⁽¹⁾		
TAC	22		
⁽¹⁾	Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírthe faoin gcuóta seo.		
⁽²⁾	Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/1214EI_AMS).'		

9. Ar leathanach 82, Iarscríbhinn IA, Cuid B, tábla le haghaidh sciataí agus roic (SRX/2AC4-C), fonóta 4, an chéad abairt

in ionad: ⁽⁴⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 10 % de a iascach in 7d (SRX/*07D2.), gan dochar do na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 17 agus 56 den Rialachán seo agus sna forálacha ábhartha i ndlí na Ríochta Aontaithe le haghaidh na limistéar a shonraítear iontu.’

léitear: ⁽⁴⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 10 % de a iascach in 7d (SRX/*07D2.), gan dochar do na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 18 agus 55 den Rialachán seo agus sna forálacha ábhartha i ndlí na Ríochta Aontaithe le haghaidh na limistéar a shonraítear iontu.’

10. Ar leathanach 83, Iarscríbhinn IA, Cuid B, tábla le haghaidh sciataí agus roic (SRX/67AKXD), fonóta 2, an chéad abairt

in ionad: ⁽²⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in 7d (SRX/*07D.), gan dochar do na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 17 agus 50 den Rialachán seo le haghaidh na limistéar a shonraítear iontu.’

léitear: ⁽²⁾ Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in 7d (SRX/*07D.), gan dochar do na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 18 agus 55 den Rialachán seo le haghaidh na limistéar a shonraítear iontu.’

11. Ar leathanach 83, Iarscríbhinn IA, Cuid B, tábla le haghaidh sciataí agus roic (SRX/67AKXD), fonóta 3, an dara habairt

in ionad: ‘Déanfar gabhálacha an speicis seo in 7e a chomhaireamh in aghaidh na gcainníochtaí dá bhforáiltear sa TAC ar leith sin (RJU/7DE).’

léitear: ‘Déanfar gabhálacha an speicis seo in 7e a chomhaireamh in aghaidh na gcainníochtaí dá bhforáiltear sa TAC ar leith sin (RJU/7DE).’

12. Ar leathanach 84, Iarscríbhinn IA, Cuid B, tábla le haghaidh roc mionsúileach (RJE/7FG.), coinníoll speisialta

in ionad: ‘Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in 7d agus a thuairisciú faoin gcód seo a leanas: (RJE/*07D.). Tá an coinníoll speisialta seo gan dochar do na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 17 agus 55 den Rialachán seo agus sna forálacha ábhartha i ndlí na Ríochta Aontaithe le haghaidh na limistéar a shonraítear ann.’

léitear: ‘Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in 7d agus a thuairisciú faoin gcód seo a leanas: (RJE/*07D.). Tá an coinníoll speisialta seo gan dochar do na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 18 agus 55 den Rialachán seo agus sna forálacha ábhartha i ndlí na Ríochta Aontaithe le haghaidh na limistéar a shonraítear ann.’

13. 84, Iarscríbhinn IA, Cuid B, tábla le haghaidh sciataí agus roic (SRX/07D.), fonóta 4

in ionad: ⁽⁴⁾ Ní bheidh feidhm aige seo maidir leis an roc dústríochta (Raja undulata). Déanfar gabhálacha an speicis seo a chomhaireamh in aghaidh na gcainníochtaí dá bhforáiltear sa TAC ar leith sin (RJU/7DE).’

léitear: ⁽⁴⁾ Ní bheidh feidhm aige seo maidir leis an roc dústríochta (Raja undulata). Déanfar gabhálacha an speicis seo a chomhaireamh in aghaidh na gcainníochtaí dá bhforáiltear sa TAC ar leith sin (RJU/7DE).’

14. Ar leathanach 85, Iarscríbhinn IA, Cuid B, tábla le haghaidh roc dústríoctha (RJU/7DE.), fonóta 1, an chéad abairt agus an dara habairt

in ionad: ⁽¹⁾ 'Ní fhéadfar aon eiseamal a thabhairt i dtír ach amháin agus é iomlán nó glanta. Maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais, tá seo gan dochar do na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 17 agus 56 den Rialachán seo le haghaidh na limistéar a shonraítear ann.'

léitear: ⁽¹⁾ 'Ní fhéadfar aon eiseamal a thabhairt i dtír ach amháin agus é iomlán nó glanta. Maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais, tá seo gan dochar do na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 18 agus 55 den Rialachán seo le haghaidh na limistéar a shonraítear ann.'

15. Ar leathanach 86, Iarscríbhinn IA, Cuid B, tábla le haghaidh sciataí agus roic (SRX/89-C.), fonóta 2, an cúigiú habairt

in ionad: 'Tá na forálacha seo gan dochar do na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 17 agus 56 den Rialachán seo le haghaidh na limistéar a shonraítear ann.'

léitear: 'Tá na forálacha seo gan dochar do na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 18 agus 55 den Rialachán seo le haghaidh na limistéar a shonraítear ann.'

16. Ar leathanach 97, Iarscríbhinn IA, Cuid B, tábla le haghaidh scadán (HER/03A-BC), fonóta 2, an fhocláíocht réamhráiteach

in ionad: ⁽²⁾ Ní fhéadfar ach na méideanna seo a leanas de na stoic scadán HER/03A. (HER/*03A) agus HER/03A-BC (HER/*03A-BC) a iascach in 3a.'

léitear: ⁽²⁾ Ní fhéadfar ach na méideanna seo a leanas de na stoic scadán HER/03A. (HER/*03A.) agus HER/03A-BC (HER/*03A-BC) a iascach in 3a.'

17. Ar leathanach 116, Iarscríbhinn IA, Cuid B, tábla maidir leis an salán (SPR/7DE.), fonóta 1

in ionad: ⁽¹⁾ Ní fhéadfar an cuóta a iascach ach ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.'

léitear: ⁽¹⁾ Ní fhéadfar an cuóta a iascach ach ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.'

18. Ar leathanach 118, Iarscríbhinn IA, Cuid C, an fhocláíocht réamhráiteach

in ionad: 'Is iad seo a leanas na TACanna dá dtagraítear in Airteagal 8(4) den Rialachán seo.'

léitear: 'Is iad seo a leanas na TACanna dá dtagraítear in Airteagal 9(4) den Rialachán seo.'

19. Ar leathanach 120, Iarscríbhinn IA, Cuid E, tábla le haghaidh na scabaird dhubh (BSF/C3412-), cuirtear an cuóta don Phortaingéil le haghaidh 2024 isteach mar 'Le bunú'.

20. Ar leathanach 123, Iarscríbhinn IA, Cuid F, tábla maidir le deargán (SBR/678-)

in ionad:

‘Speiceas:		An deargán <i>Pagellus bogaraveo</i>		Limistéar:		6, 7 and 8 (SBR/678-)	
Bliain	2023		2024		TAC réamhchúraim		
Éire	3	(1)	Le bunú	(1)			
An Spáinn	85	(1)	Le bunú	(1)			
An Fhrainc	4	(1)	Le bunú	(1)			
Eile	3	(1)(2)	Le bunú	(1)(2)			
An tAontas	95	(1)	Le bunú	(1)			
An Ríocht Aontaithe	11	(1)	Le bunú	(1)			
TAC	105	(1)	Le bunú	(1)			

(1) Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírithé faoin gcuóta seo.

(2) Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SBR/678_AMS).’.

léitear:

‘Speiceas:		An deargán <i>Pagellus bogaraveo</i>		Limistéar:		6, 7 and 8 (SBR/678-)	
Bliain	2023		2024		TAC réamhchúraim		
Éire	3	(1)	Le bunú	(1)			
An Spáinn	84	(1)	Le bunú	(1)			
An Fhrainc	4	(1)	Le bunú	(1)			
Eile	3	(1)(2)	Le bunú	(1)(2)			
An tAontas	94	(1)	Le bunú	(1)			
An Ríocht Aontaithe	11	(1)	Le bunú	(1)			
TAC	105	(1)	Le bunú	(1)			

(1) Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírithé faoin gcuóta seo.

(2) Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SBR/678_AMS).’.

21. Ar leathanaigh 184-185, Iarscríbhinn V, Cuid A, an tábla

in ionad:

Limistéar iascaireachta	Iascach	An líon údaruithe iascaireacht	Údaruithe iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát		An líon uasta soithí a bheidh ann am ar bith
Uiscí na hIorua agus an limistéar iascaireachta timpeall Jan Mayen	An scadán, lastuaidh de 62° 00' T	59	DK	25	51
			DE	5	
			FR	1	
			IE	8	
			NL	9	
			PL	1	
			SE	10	
	Speicis ghrinnill, lastuaidh de 62° 00' T	pm	DE	16	pm
			IE	1	
			ES	20	
			FR	18	
			PT	9	
			Neamh chionroinnt	2	
	Speicis thionsclaíocha, laistear de 62° 00' T	pm	DK	450	141
uisce Svalbard; uisce idirnáisiúnta in 1 agus 2b ⁽¹⁾	Iascach le haghaidh portáin sneachta le potaí	pm	EE	1	Ní bhaineann le hábhar
			ES	1	
			LV	11	
			LT	4	
			PL	3	
⁽¹⁾ Tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil don Aontas i limistéar Spitzbergen agus Oileán na mBéar gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Conradh Pháras 1920. .					

léitear:

Limistéar iascaireachta	Iascach	An líon údaruithe iascaireacht	Údaruithe iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát		An líon uasta soithí a bheidh ann am ar bith
Uiscí na hIorua agus an limistéar iascaireachta timpeall Jan Mayen	An scadán, lastuaidh de 62° 00' T	59	DK	25	51
			DE	5	
			FR	1	
			IE	8	
			NL	9	
			PL	1	
			SE	10	
	Speicis ghrinnill, lastuaidh de 62° 00' T	66	DE	16	41
			IE	1	
			ES	20	
			FR	18	
			PT	9	
			Neamh chionroinnt	2	
	Speicis thionsclaíocha, laisteas de 62° 00' T	450	DK	450	141
uiscí Svalbard; uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2b ⁽¹⁾	Iascach le haghaidh portáin sneachta le potaí	20	EE	1	Ní bhaineann le hábhar
			ES	1	
			LV	11	
			LT	4	
			PL	3	
⁽¹⁾ Tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil don Aontas i limistéar Spitzbergen agus Oileán na mBéar gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Conradh Pháras 1920.‘.					